

Fógra maidir le cosaint sonraí le haghaidh comhairliúcháin agus suirbhéanna

Cuspóir agus bunús dlí na próiseála

Má tá cinneadh déanta agat páirt a ghlacadh inár suirbhé, próiseálfaimid an tuairim nó na tuairimí a chuir tú ar fáil i do fhreagra chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus a mhaoinimid ar do chuid riachtanas, anois agus amach anseo. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, d'fhorbairt ár straitéise digití, creat tionchair, tuarascálacha bliantúla nó obair rialála eile ach gan a bheith teoranta do na nithe sin.

Is é an bunús dleathach a bhfuilimid ag brath air chun do shonraí pearsanta a phróiseáil ná alt 6(1)(e) den GDPR, a ligeann dúinn sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhíonn sé sin riachtanach chun ár dtascanna poiblí a chomhlíonadh agus chun ár seirbhísí a sholáthar níos leithne.

Cad a dhéanaimid leis

D'fhéadfaimis an fhaisnéis teagmhála a sholáthraíonn tú a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat chun do fhreagra a phlé.

Féadfaimid an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a phróiseáil chun na críocha thuasluaite. Déileálfar le haon iarratais ar leith ó thríú páirtí ar orainn do shonraí pearsanta a roinnt leo de réir fhorálacha na ndlíthe cosanta sonraí.

Cá fhad a choinnímid é

Coinneoidimid faisnéis ar chomhairliúchán agus ar fhreagraí suirbhé go dtí go mbeidh ár gcuid oibre ar ábhar an chomhairliúcháin críochnaithe.

Cad iad na cearta atá agat?

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar na sonraí pearsanta atá againn fút.

Tá an ceart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do Shonraí Pearsanta.

Mura bhfuil tú sásta leis an mbealach ina bhfuil do shonraí pearsanta próiseáilte againn, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta.

Más mian leat aon cheann de na cearta seo a fheidhmiú, déan teagmháil le do thoil le dataprotection@ciboard.ie.

An n-úsáideann muid aon phróiseálaithe sonraí?

Bainimid úsáid as Microsoft Forms agus EUSurvey chun suirbhéanna a chruthú agus a rith.

Uaireanta is féidir linn comhairleoirí a úsáid chun cabhrú le bailiú, anailís agus bainistiú sonraí suirbhé.

Roghnaímid ár gcomhairleoirí bunaithe ar a gcumas ár gcaighdeáin dhian slándála agus príobháideachta a chomhlíonadh.

I measc na dtríú páirtithe ar féidir linn do shonraí a chomhroinnt leo tá eintitis arna maoiniú ag an BFS, soláthraithe TFC, cuideachtaí cartlainne agus cuideachtaí mionghearrtha. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil inár bhfógra maidir le cosaint sonraí, [Cosaint Sonraí - An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh](#).